# An Fiosraitheoir

## Tasc 1: Ag fiosrú focal

1. Cé acu thíos atá ar comhchiall le **ollmhór**?
   (a) De thairbhe
   (b) Luachmhar
   (c) Iontach mór
2. Tá an frása **thar a bheith** i bparagraf 1. An bhfuil dóigh eile leis seo a rá?
3. Cé acu thíos atá contrártha le **níos sine**?
   (a) Níos lú
   (b) Níos measa
   (c) Níos óige
4. Is miotal luachmhar é ór. Ainmnigh 3 mhiotal eile atá luachmhar.

## Tasc 2: Ag fiosrú feasa

1. Cad é ábhar an scéil seo go príomha?
2. Cad é a thaitin leat faoin scéal seo?
3. Luaigh rud amháin suimiúil a d'fhoghlaim tú ón scéal seo.
4. Cén fáth ar shíl na ríthe go raibh siad féin chomh tábhachtach sin, do bharúil?
5. Cé acu is suimiúla i do bharúil, Brú na Bóinne nó an Phirimid Mhór? Cén fáth?

CCEA Rewarding Learning

Gach íomhá agus léaráid © thinkstock.com

17 Na Pirimidí

Foilseachán de chuid CCEA © 2016

Curaclam Thuaisceart Éireann

# Taisce Tuisceana




# Na Pirimidí

# Na Pirimidí

Is iad na pirimidí atá taobh amuigh de Chaireo san Éigipt na pirimidí is cáiliúla ar fud an domhain. Tógadh thart faoi 4500 bliain ó shin iad. Creideann daoine gur tógadh do ríthe na hÉigipte iad cionn is gur shíl na ríthe go raibh siad **thar a bheith** tábhachtach. Chreid na ríthe gur chóir go mbeadh tuama **ollmhór** galánta acu. Nuair a fuair duine de na ríthe seo bás, chuir a chlann a chorp sa tuama leis na rudaí ba luachmhara a bhí aige, seodra de gach cineál agus ór go háirithe. Nuair a cuireadh an rí druideadh an tuama go deo. Ach mar atá a fhios **againn,** bhris gadaithe isteach sna pirimidí na mílte bliain ina dhiaidh sin agus ghoid siad cuid mhór de na rudaí luachmhara a bhí iontu.

Tá an phirimid is mó, An Phirimid Mhór mar a thugtar uirthi, 135 méadar ar airde. Ghlac sé breis is 20 bliain an phirimid ollmhór seo a thógáil agus d'úsáid siad níos mó ná dhá mhilliún bloc!

An bhfuil a fhios agat go bhfuil áit measartha mór agus clúiteach againn féin in Éirinn atá **níos sine** ná na pirimidí? Tógadh Brú na Bóinne i gContae na Mí thart faoi 5000 bliain ó shin. Ar dhóigh, tá sé cosúil leis na pirimidí de thairbhe gur tuama a bhí ann fosta. Cé go bhfuil sé níos sine ná an Phirimid Mhór tá sé i bhfad níos lú, agus é thart faoi 6 mhéadar ar airde. Tarlaíonn rud an-speisialta i mBrú na Bóinne gach bliain ar an 21 Nollaig (an lá is gairide den bhliain). Soilsíonn an ghrian díreach isteach tríd an oscailt bheag atá os cionn an dorais agus lasann sé an pasáiste atá istigh ann. Téann cuid mhór daoine ar cuairt go Brú na Bóinne gach bliain leis an méid seo a fheiceáil.



# Ceisteanna

**1. Cá háit a bhfuil na pirimidí suite?**
(a) San Éigipt
(b) San Astráil
(c) In Éirinn

**2. Cén fáth ar thóg na ríthe na pirimidí?**
(a) Ba mhaith leo a gcuid seodra agus óir a choinneáil iontu
(b) Ba mhaith leo tuama ollmhór galánta a bheith acu
(c) Ba mhaith leo cónaí iontu

**3. Cá fhad a ghlac sé an Phirimid Mhór a thógáil?**
(a) Níos lú ná 20 bliain
(b) Níos mó na 20 bliain
(c) 20 bliain go díreach

**4. Cén fáth ar bhris na gadaithe isteach sna pirimidí?**
(a) Mar bhí rudaí luachmhara iontu
(b) Le coirp na ríthe a ghoid
(c) Lena fháil amach an raibh na ríthe beo

**5. Cé acu abairt atá fíor?**
(a) Tá Brú na Bóinne níos airde ná an Phirimid Mhór
(b) Tá Brú na Bóinne níos sine ná an Phirimid Mhór
(c) Tá Brú na Bóinne níos deise na an Phirimid Mhór

**6. Cad é a tharlaíonn ag Brú na Bóinne ar an 21 Nollaig gach bliain?**
(a) Titeann dorchadas ar an tuama
(b) Tagann na daoine atá marbh amach as an tuama
(c) Lasann an ghrian an pasáiste sa tuama

**7. I bparagraf 1 tá an focal againn in úsáid mar:**
(a) briathar.
(b) ainmfhocal.
(c) réamhfhocal.

**8. Cén sórt téacs é seo?**
(a) Neamhfhicsean
(b) Ficsean
(c) Dráma